RÚN (AE) 2023/1840 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn X – an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn X – an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0088/2023),

A. de bhrí go bhfuil an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) freagrach as caiteachas riaracháin a Ceanncheathrú sa Bhruiséil a bhainistiú agus as an líonra de 144 thoscaireacht agus oifigí de chuid an Aontais;

B. de bhrí go ndearnadh freagracht SEGS a leathnú chun bainistiú riaracháin fhoireann an Choimisiúin sna toscaireachtaí a chumhdach trí shraith Shocruithe ar Leibhéal Seirbhíse (SLAnna);

C. de bhrí gurb é an ról atá ag na toscaireachtaí ná ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas agus ar a shaoránaigh ar fud an domhain trí líonraí agus trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt, agus luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn;

D. de bhrí gurb ionann fós saintréithiúlacht SEGS ina nádúr agus ina thionscnamh, amhail a bhí nuair a bunaíodh é trí bhaill foirne a chumasc le ranna caidrimh sheachtraigh na Comhairle agus an Choimisiúin, ina ndearnadh taidhleoirí ó na Ballstáit a chomhtháthú;

E. de bhrí, faoi Rialacha Inmheánacha SEGS, go ngníomhaíonn Ard-Rúnaí SEGS mar oifigeach údarúcháin trí tharmligean don institiúid agus go bhfuil ról an phríomhoifigigh údarúcháin trí fhotharmligean ag an Ard-Stiúrthóir um bainistiú acmhainní;

F. de bhrí go bhfuil cur chun feidhme an bhuiséid faoi rialú ag an Rialachán Airgeadais agus ag na Rialacha Inmheánacha maidir le cur chun feidhme Bhuiséad SEGS;

1. Ag tabhairt dá haire go dtagann buiséad SEGS faoi cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), 'Riarachán poiblí Eorpach', arbh ionann é agus EUR 10,7 billiún san iomlán in 2021; ag tabhairt dá haire gurb ionann buiséad SEGS (íocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón gCoimisiún) agus thart ar 9 % den bhuiséad riaracháin iomlán faoi cheannteideal 7 CAI;

2. Ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh an Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an 'Chúirt') ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2021 a sampla d'idirbhearta faoi Riarachán ó 48 in 2020 go 60 in 2021;

3. Ag tabhairt dá haire go luann an Chúirt go léiríonn a cuid oibre le blianta fada go mbaineann riosca íseal leis an gcaiteachas sin ar an iomlán; á iarraidh ar an gCúirt, áfach, sonraí níos cuimsithí maidir le cur i gcrích na gceanglas uile is gá le haghaidh nós imeachta urscaoilte comhsheasmhach a chur san áireamh sna chéad tuarascálacha bliantúla eile.

4. Ag tabhairt dá haire go luann an Chúirt gur aimsigh sí dhá earráid inchainníochtaithe in íocaíochtaí a rinne SEGS, gur bhain ceann amháin acu leis an bhfíoras nach raibh conradh bunúsach le haghaidh seirbhísí a fuair Toscaireacht de chuid an Aontais, agus bhain an ceann eile le liúntais a íocadh le ball foirne nár dhearbhaigh athruithe a tharla le déanaí ar a staid phearsanta;

5. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go dtugann an Chúirt dá haire freisin nár aimsigh sí aon saincheisteanna suntasacha leis na córais mhaoirseachta agus rialaithe a scrúdaigh sí ag SEGS;

6. Ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur aimsigh an Chúirt in 2015 go raibh laigí suntasacha ann a bhain le nósanna imeachta soláthair agus earcaíochta arna n-eagrú ag Toscaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt obair leantach ar na barúlacha sin in 2021 trí scrúdú a dhéanamh ar shampla de dheich nós imeachta soláthair agus ocht nós imeachta earcaíochta áitiúla arna n-eagrú ag Toscaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire go ndearna SEGS feabhsuithe ar an bpróiseas soláthair in 2019 trí nósanna imeachta oibre ag Toscaireachtaí an Aontais a shimpliú agus a nuachóiriú, trí roinnt próiseas a lárú sa cheanncheathrú, trí theimpléid nua le haghaidh doiciméadacht soláthair a chruthú agus go ndearna sé athbhreithniú ar na rialacha agus na coinníollacha lena rialaítear fostú gníomhairí áitiúla i dToscaireachtaí de chuid an Aontais agus rialuithe *ex ante* sular earcaíodh iad; ar deireadh, ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, gur aimsigh an Chúirt i gcúig cinn de na deich nós imeachta soláthair a scrúdaíodh roinnt easnamh maidir leis an gcaoi ar chuir Toscaireachtaí an Aontais rialacha soláthair phoiblí i bhfeidhm agus gur aimsigh sí roinnt laigí sna hocht nós imeachta earcaíochta le haghaidh gníomhairí áitiúla; á iarraidh ar SEGS gníomhaíocht a dhéanamh chun réiteach a fháil ar na fadhbanna as a n-eascraíonn na hearráidí soláthair a sainaithnítear agus chun go seachnófar sáruithe amach anseo ar na rialacha ábhartha;

7. Ag spreagadh go mór do SEGS bearta iomchuí a dhéanamh amhail feabhas a chur ar oiliúint agus ar threoirlínte agus teimpléid le haghaidh doiciméadacht soláthair, chun líon na n-earráidí a laghdú a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta soláthair agus earcaíochta arna n-eagrú ag Toscaireachtaí an Aontais agus tuairisciú do na húdaráis um urscaoileadh maidir leis na bearta a rinneadh;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

8. Ag tabhairt dá haire, in 2021, gurbh é EUR 767 626 000 an buiséad do SEGS, arb ionann é agus méadú 5,0 % i gcoibhneas le 2020, rud atá an-chosúil leis an méadú 5,2 % in 2020 i gcomparáid le 2019; á thabhairt faoi deara, sa bhreis ar a bhuiséad féin, go raibh méid EUR 211 200 000 ar fáil ag SEGS freisin (lena n-áirítear ioncaim shannta agus méideanna a tugadh anonn) ón gCoimisiún chun costais riaracháin a ball foirne atá ag obair i dtoscaireachtaí an Aontais a chumhdach; ag tabhairt dá haire, mar aon le méideanna eile, go bhfuair SEGS ranníocaíochtaí freisin chun costais choiteanna fhoireann an Chiste Eorpaigh Forbraíochta i dToscaireachtaí a chumhdach, rud a thug na méideanna buiséadacha iomlána (leithreasuithe faoi chomhair gealltanais) arna mbainistiú ag SEGS go EUR 1 091,1 milliún;

9. Ag tabhairt dá haire go ndearnadh 99,4 % de bhuiséad críochnaitheach SEGS i ngealltanais a fhorghníomhú in 2021, céatadán atá níos airde ná mar a bhí in 2020 nuair a ndearnadh 95,0 % a fhorghníomhú; ag tabhairt dá haire go ndearnadh 84,5 % den bhuiséad le haghaidh 2021 a fhorghníomhú in íocaíochtaí, beagán níos airde ná 2020, nuair a ndearnadh 82,3 % a fhorghníomhú;

10. Ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad deiridh do Cheanncheathrú SEGS, tar éis aistrithe, agus EUR 295 mhilliún as ar cuireadh EUR 290,5 milliún i ngníomh arb ionann é agus 98,5 %; ag tabhairt dá haire go ndearnadh EUR 238,3 milliún in íocaíochtaí arb ionann é agus 80,8 % a fhorghníomhú;

11. Ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad críochnaitheach do Cheanncheathrú SEGS, tar éis aistrithe, agus EUR 472,6 milliún as ar cuireadh EUR 472,4 milliún i ngníomh arb ionann é agus 99,9 %; ag tabhairt dá haire go ndearnadh EUR 410,1 milliún in íocaíochtaí arb ionann é agus 86,8 % a fhorghníomhú;

12. Ag tabhairt dá haire, mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur méadaíodh an buiséad le haghaidh TF le linn na bliana 2021, agus gur laghdaíodh an buiséad do mhíreanna éagsúla lena n-áirítear tuarastail; ag tabhairt dá haire gur chuir SEGS an t-údarás buiséadach eolas ar fáil faoi thrí aistriú le linn 2021, a ndearnadh dhá cheann díobh chun déileáil leis an gcaiteachas breise a bhí ann i ngeall ar phaindéim COVID-19 agus ar an réiteach cuntas ag deireadh na bliana;

13. Ag tabhairt dá haire go raibh 131 352 íocaíocht ag SEGS in 2021, as ar íocadh 115 060, arb ionann é agus 87,6 % díobh laistigh den teorainn ama; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh é 18 lá an meán-am glaníocaíochta agus gurbh é 24 % céatadán an tsonraisc leictreonaigh;

14. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di gur shínigh SEGS líon suntasach Comhaontuithe Seirbhíse go príomha leis an gCoimisiún ach freisin le hinstitiúidí eile lena gcumhdaítear níos mó ná 70 seirbhís éagsúil arna soláthar ag 16 eintiteas; ag tabhairt dá haire thairis sin go n-oibríonn cuntasóir an Choimisiúin (Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid) fós mar chuntasóir SEGS ach go bhfuil méadú tagtha ar a chumas féin chun roinnt feidhmeanna cuntasaíochta a láimhseáil chomh maith le feidhmeanna cuntasaíochta le toscaireachtaí freisin;

15. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go bhfuil líon na gcomhaontuithe comhlonnaithe ina bhfuil na Ballstáit agus eintitis eile de chuid an Aontais lonnaithe i dToscaireachtaí an Aontais ag méadú i gcónaí agus gur shroich siad 115 chomhaontú i 67 dtoscaireacht de chuid an Aontais le 36 chomhpháirtí san iomlán;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach

16. Ag tabhairt dá haire gur chuir SEGS chun feidhme in 2021 an t-atheagrú is mó ar a sheirbhís ó bunaíodh í in 2011, lenar bunaíodh sé roinn mhóra gheografacha agus Oifig an Ard-Rúnaí chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair; ag tabhairt dá haire gur cruthaíodh Stiúrthóireacht nua um Chumarsáid Straitéiseach agus um Fhadbhreathnaitheacht freisin trí dhá Rannán Cumarsáide Straitéisí agus an Rannán um Pleanáil Beartais agus um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach a chumasc chun an bhréagaisnéis a láimhseáil ar bhealach níos fearr;

17. Ag tabhairt dá haire go raibh dálaí oibre SEGS fós buailte go mór ag paindéim COVID-19 le linn 2021; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go ndearnadh coigilteas ar thuarastail mar gheall ar nósanna imeachta earcaíochta níos moille agus ar mhisin, ar chruinnithe, ar chomhdhálacha etc.; ag tabhairt dá haire gur chruthaigh an phaindéim deiseanna freisin chun bréagaisnéis agus cúbláil eachtrach agus trasnaíocht eachtrach a scaipeadh agus, dá bhrí sin, gur chuir sí leis na dúshláin do SEGS;

18. Ag tabhairt dá haire go raibh roinnt géarchéimeanna slándála os comhair SEGS in 2021 san Afganastáin, sa tSaiheil agus san Aetóip, ina raibh sé sách déanach na hathruithe ar an láthair a chur ar an eolas agus freagairt dóibh, rud ba chúis le haslonnú tapa phearsanra an Aontais;

19. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di nár chuir aon Toscaireacht de chuid an Aontais forchoimeádais isteach in 2021;

20. Ag tabhairt dá haire go bhfuil gnéithe éagsúla d'obair SEGS á n-iniúchadh ag a hIniúchóir Inmheánach, ag Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin agus ag an gCúirt Iniúchóirí; ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil sé tábhachtach rialuithe agus iniúchtaí críochnúla a áirithiú, go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna dúbailt a sheachaint;

21. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di gur chinn Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin ina 'Tuarascáil Bhliantúil ar iniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2021', maidir le trí iniúchadh a rinneadh roimhe sin a bhaineann le comhordú idir an Coimisiún agus SEGS, gur cuireadh na moltaí uile chun feidhme;

22. Ag tabhairt dá haire go raibh Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí (IAD) de chuid SEGS ag díriú go príomha ar chaiteachas foirne ina phlean don tréimhse 2018-2021, arb ionann é agus níos mó ná 50 % de chaiteachas SEGS; ag tabhairt dá haire go ndíreofar i bplean IAD don tréimhse 2022-2024 ar réimsí eile nár cumhdaíodh roimhe seo, mar shampla slándáil, bonneagar agus TF; á iarraidh ar SEGS an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thorthaí an iniúchta inmheánaigh sin;

23. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go ndéantar idirbhearta airgeadais uile bhuiséad SEGS a taifeadadh le linn bhliain bhuiséid 2021 a rialú trí shamplaí srathaithe randamacha trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá cosúil leis an modheolaíocht a úsáideann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

Acmhainní daonna, comhionannas agus folláine na foirne

24. Ag tabhairt dá haire go raibh 5 072 bhall foirne earcaithe ag SEGS ag deireadh 2021 agus gur oibrigh 2 303 (45,4 %) díobh ag Ceanncheathrú SEGS agus go raibh 2 769 (54,6 %) ag obair i dToscaireachtaí agus Oifigí de chuid an Aontais ar fud an domhain; ag tabhairt dá haire gur méadú suntasach 9,2 % é sin ó 4 643 bhall foirne in 2020, as ar oibrigh 2 286 duine i gCeanncheathrú SEGS agus d'oibrigh 2 357 i dToscaireachtaí agus in oifigí; ag tabhairt dá haire gur tharla an chuid is mó den mhéadú i dToscaireachtaí agus in Oifigí inar aistríodh breis agus 450 post mar ghníomhairí áitiúla ón gCoimisiún chuig buiséad SEGS; ag tabhairt dá haire, ar deireadh, go bhfuair SEGS 47 gcoibhéis lánaimseartha bhreise ón Údarás Buiséadach in 2021;

25. Ag tabhairt dá haire go raibh an fhoireann ag deireadh 2021 comhdhéanta de 1 706 oifigeach agus gníomhaire sealadach, 1 543 ghníomhaire áitiúil, 567 ngníomhaire ar conradh, 467 saineolaí náisiúnta ar iasacht, 43 ghairmí sóisearacha i dToscaireachtaí an Aontais agus 746 bhall foirne agus oiliúnaí seachtrach eile; ag tabhairt dá haire, ar deireadh, go raibh 3 327 bhall foirne den Choimisiún fostaithe i dToscaireachtaí an Aontais;

26. Ag tabhairt dá haire, in 2021, gurbh ionann mná agus 46,7 % d'fhoireann SEGS, laghdú beagán ó 48,7 % ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire, áfach, gurb ionann mná agus 37,4 % de phoist AD, ar méadú ó 37,3 % é in 2020; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go raibh méadú coibhneasta ar líon na mban i ngach post bainistíochta, inar tháinig méadú ar líon na mban sa mheánbhainistíocht ó 32,7 % in 2020 go 35,4 % in 2021, agus gur mhéadaigh líon na mban sa bhainistíocht shinsearach ó 25,5 % go 26,3 % agus gur mhéadaigh líon na mban mar cheann toscaireachta ó 27,1 % go 29,4 %; ag spreagadh do SEGS chun dea-shampla a thabhairt maidir le líon na mban a mhéadú mar cheann toscaireachtaí agus páirt a ghlacadh i dtaidhleoireacht fheimineach, go háirithe i dtríú tíortha ina bhfuil caighdeáin níos ísle maidir le comhionannas inscne, agus é mar aidhm cearta na mban agus rialachas cuimsitheach a chur chun cinn;

27. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil Ambasadóir um Inscne agus Éagsúlacht ceaptha ag SEGS chun feasacht agus breithniú a mhúscailt i dtaidhleoireacht, in idirphlé polaitiúil agus i gcinntí beartais; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go bhfuil SEGS, mar chuid de straitéis #NoWomanNoEUDiplomacy, ag oscailt cláir mheantóireachta do mhná i ngrád AST agus i ngráid AD níos ísle chun conair ghairme chuig poist níos sinsearaí a thairiscint dóibh; á iarraidh ar SEGS leanúint dá fócas ar chothromaíocht inscne na foirne agus na bainistíochta a áirithiú agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le tionscnaimh agus dul chun cinn chun i ndáil leis an méid sin a bhaint amach;

28. Á iarraidh go mbeadh straitéisí éifeachtacha oiliúna i dtaobh inscne ann in SEGS; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh in acmhainní agus i saineolas chun straitéisí oiliúna agus oideachais a fhorbairt atá dírithe ar chur chuige comhionannais inscne a chur i bhfeidhm maidir le beartais agus cláir idirnáisiúnta chun fíorathrú cultúir a bhaint amach laistigh de SEGS; á shonrú gur cheart aird ar leith a thabhairt ar shásraí príomhshruthaithe inscne a chomhtháthú, ar aghaidh a thabhairt ar an mbuiséadú inscne, ar mheasúnuithe tionchair inscne agus ar dhul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe; á mholadh go nglacfaí clár oiliúna cuimsitheach chun Plean Gníomhaíochta Inscne III a chur chun feidhme go leormhaith ar gach leibhéal de SEGS;

29. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go bhfuil ionadaíocht ag na Ballstáit uile ar an bhfoireann agus, go háirithe, go bhfuil líon coibhneasta na mball foirne ó na Ballstáit a tháinig isteach in 2004 nó níos déanaí (AE13) tar éis méadú agus a áirithiú go bhfuil dáileadh níos réasúnta ar an bhfoireann fhoriomlán; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil ard-mhíchothromaíochtaí ann fós ag leibhéal na bainistíochta in ainneoin iarrataí leanúnacha ó Pharlaimint na hEorpa dul i ngleic leis an tsaincheist sin; á chur in iúl gur chúis imní di nach bhfuil ionadaíocht ach ag 24 Bhallstát i measc Ambasadóirí SEGS agus go bhfuil an dáileadh níos neamhionann agus go bhfuil 82 phost as 135 phost ag na cúig Bhallstát a bhfuil formhór na n-ambasadóirí acu (an Fhrainc 19, an Ghearmáin 18, an Spáinn 17, an Iodáil 16 agus an Bheilg 12), arb ionann é agus 61 %; á chur i bhfios go láidir gur chúis imní di an mhíchothromaíocht gheografach a bhaineann le poist Chinn na dToscaireachtaí agus ag athdhearbhú a hiarrata ar SEGS an chothromaíocht gheografach a fheabhsú ó thaobh ionadaíochta de chun go mbeadh ionadaíocht chuí ar náisiúnaigh ó gach Ballstát;

30. Á chur i bhfios go láidir go gcuimsíonn Ballstáit AE13 thart ar 23 % de dhaonra an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar líon na mbainisteoirí meánacha ó Bhallstáit AE13 ó 13,8 % in 2020 go 16,2 % in 2021, gur tháinig méadú ar líon na mbainisteoirí sinsearacha ó na tíortha sin ó 7,3 % go 8,9 % agus gur mhéadaigh líon na n-ambasadóirí ó na tíortha sin ó 14,1 % in 2020 go 18 % in 2021; á chur i bhfáth nach mór do SEGS, mar is gá d'institiúidí uile an Aontais, a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht chomhréireach ar na Ballstáit uile agus, ag an am céanna, nach mór dó inniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí a urramú; ag tathant ar SEGS an chothromaíocht gheografach a áirithiú chun go mbeadh ionadaíocht náisiúnta iomchuí ann ó gach Ballstát, lena léireofaí a gcuid éagsúlachtaí, mar a léirítear in Airteagal 27 de Rialacháin Foirne na nOifigeach; ag athdhearbhú a hiarrata ar SEGS leanúint le hidirghníomhú leis na Ballstáit chun a phoist a chur chun cinn i measc líonra na dtoscairí náisiúnta agus i measc an lucht acadúil;

31. Ag tabhairt dá haire agus is ábhar imní di go raibh 15 phost mheánbhainistíochta agus cúig phost ardbhainistíochta i gCeanncheathrú SEGS agus cúig phost mheánbhainistíochta i dToscaireachtaí an Aontais folamh ar feadh meántréimhse 3 mhí in 2021, agus gur ghníomhaigh 15 chomhalta foirne i bpoist bhainistíochta le linn na bhfolúntas; ag spreagadh do SEGS a chuid folúntas agus deiseanna gairme a chur chun cinn ar bhealach níos fearr agus féachaint ar bhealaí le hearcaíocht pearsanra a fheabhsú;

32. Ag tabhairt dá haire go bhfuil SEGS ag leanúint den athchóiriú ar choinníollacha do ghníomhairí áitiúla a chur chun feidhme agus gur shínigh 62 % de na gníomhairí áitiúla don athchóiriú, a thugann le tuiscint, in éineacht le hearcaíochtaí nua tar éis an 1 Meitheamh 2020, gur cumhdaíodh níos mó ná 66 % de ghníomhairí áitiúla leis na rialacha nua faoin 31 Márta 2022; á iarraidh ar SEGS feabhas a chur ar an oiliúint agus an treoraíocht a thugann sé i dtaobh na nósanna imeachta d'earcú gníomhairí áitiúla ag Toscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta sin ag comhlíonadh phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne;

33. Ag tabhairt dá haire go bhfuil foireann SEGS údaraithe teilea-obair a dhéanamh suas le trí lá sa tseachtain i gCeanncheathrú SEGS agus lá amháin i dToscaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go gceadaíonn SEGS do bhaill foirne sa Cheanncheathrú agus do bhaill foirne easaoránacha i dToscaireachtaí an Aontais teilea-obair a dhéanamh 10 lá ó lasmuigh den áit fostaíochta, rud a d'fhéadfaí a mhéadú i gcásanna sonracha chun tacú le comhghleacaithe atá i staideanna casta teaghlaigh;

34. Ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú 9,3 % ar líon na ndaoine a raibh neamhláithreacht acu de bharr breoiteachta, agus gur tháinig méadú 36 % ar líon na laethanta neamhláithreachta de dheasca tinnis; á mheas gur méadú measartha mór é sin agus á iarraidh ar SEGS imscrúdú breise a dhéanamh má tá aon ní ann is féidir a dhéanamh ó thaobh feabhas a chur ar dhálaí oibre fisiciúla agus meabhrach chun a áirithiú go dtiocfaidh feabhas ar an staid sna blianta atá le teacht; á iarraidh ar SEGS na bearta is gá a dhéanamh chun an riosca traochta a mhaolú agus chun dea-bhail a foirne a áirithiú;

35. Ag tabhairt dá haire nach gcoimeádann SEGS sonraí maidir le míchumais foirne ach, i suirbhé a bhí dírithe ar gach ball foirne i gCeanncheathrú SEGS agus i dToscaireachtaí an Aontais, gur fhógair 24 as 1 075 fhreagra ó bhaill foirne go raibh míchumas buan orthu, agus d'fhógair 23 acu go raibh siad faoi mhíchumas gearrthéarmach nó sealadach; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur iarr SEGS ar Thoscaireachtaí an Aontais faisnéis a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht agus inrochtaineacht áitreabh agus na cathrach ina bhfuil sí lonnaithe, ar faisnéis í nach mór a mheas mar chéad chéim i dtreo a bheith in ann foireann faoi mhíchumas a chur chuig Toscaireachtaí freisin; á iarraidh ar SEGS leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le daoine faoi mhíchumas a chomhtháthú sa tseirbhís;

36. Á chur in iúl gur geal léi na cláir éagsúla iasachta agus malartaithe atá ag SEGS le Ballstáit, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus le hinstitiúidí an Aontais, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi go háirithe, mar gheall ar an bhfeabhas ar an staid arbh é paindéim COVID-19 ba chúis léi, gurbh fhéidir an clár idir SEGS agus an Pharlaimint a thosú an athuair ó mhí na Samhna 2021;

37. Á chur in iúl gur geal léi go nglacann SEGS líon sách mór oiliúnaithe sa Cheanncheathrú agus i dToscaireachtaí an Aontais araon, 461 oiliúnaí san iomlán, agus ar an gcaoi sin go dtugann sé deis do go leor daoine óga taithí a fháil ar obair in institiúid de chuid an Aontais; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuil liúntas míosúil á thabhairt do gach oiliúnaí sa Cheanncheathrú, agus gurb iad SEGS nó institiúidí eile a d'íoc formhór na n-oiliúnaithe i dToscaireachtaí (96 %); á iarraidh ar SEGS na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go bhfaighidh a cuid oiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil;

38. Á mholadh go leanfaí leis na hiarrachtaí chun foireann lárnach SEGS a athnuachan agus Cór Taidhleoireachta Eorpach atá buan agus speisialaithe a fhorbairt trí chomórtais oscailte speisialaithe rialta, a bheidh dírithe ar dhaoine aonair a bhfuil éagsúlacht tallainne, scileanna agus acmhainneachta acu a earcú;

Creat eitice agus trédhearcacht

39. Ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ríthábhachtach cloí le rialacha agus noirm maidir le hiompar eiticiúil agus trédhearcacht do gach institiúid phoiblí agus níos mó fós do SEGS a dhéanann ionadaíocht ar luachanna an Aontais ar fud an domhain i 144 Thoscaireacht agus Oifig dá cuid; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur ghlac SEGS le déanaí "Prionsabail na hiompraíochta gairmiúla"; á mholadh do SEGS oiliúint chórasach agus de sheisiúin feasachta a eagrú i réimse iompar cuí dá fhoireann go léir;

40. Ag tabhairt dá haire go bhfuil oiliúint san eitic á cur ar fáil ag SEGS faoi chuimsiú Sheisiúin Fháilte na Nuatheachtaithe agus mar chuid de sheimineáir réamhphoist d'Ambasadóirí an Aontais; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, agus gur díol sásaimh di go bhfuil sé d'oibleagáid ar bhainisteoirí ceaptha uile de chuid an Aontais cúrsa a leanúint maidir le 'Timpeallacht oibre saor ó chiapadh a chruthú'; ag spreagadh do SEGS freisin cúrsa ginearálta a dhéanamh maidir leis an eitic mar chuid d'ullmhúcháin éigeantacha do phostú ag Toscaireachtaí agus ag Oifigí an Aontais;

41. Ag tabhairt dá haire, le linn 2021, go ndearna an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúdú ar chúig chás a raibh baint ag foireann SEGS leo agus gur dúnadh ceithre cinn díobh sin gan moltaí agus gur cuireadh clabhsúr le moltaí ar cheann acu; á iarraidh ar SEGS faisnéis a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme na moltaí sin;

42. Ag tabhairt dá haire nach raibh aon chumarsáid ag SEGS le OIPE, le linn 2021, ach go bhfuil SEGS réidh le comhoibriú agus gur ag OIPE atá tionscnamh le haghaidh Meabhrán Tuisceana féideartha idir an dá sheirbhís; ag tabhairt dá haire go bhfuil dlúthchomhar le OLAF agus OIPE araon tábhachtach i straitéis ghinearálta frithchalaoise;

43. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil SEGS i mbun nuashonrú ar a straitéis frithchalaoise de réir mhodheolaíocht 2021 agus treoir arna heisiúint ag OLAF maidir le straitéisí frithchalaoise; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe ag SEGS a áirithiú go ndíreofar le cúrsaí oiliúna feasachta ar gach catagóir foirne; ag spreagadh do SEGS cúrsaí oiliúna den sórt sin a dhéanamh éigeantach do gach ball foirne a phostófar thar lear ar a laghad; á iarraidh ar SEGS an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin straitéis nua nuair a bheidh sí tugtha chun críche, lena n-áirítear faisnéis faoina scaipeadh ar an bhfoireann;

44. Ag tabhairt dá haire go bhfuair SEGS 16 iarraidh ón Ombudsman Eorpach as ar tháinig 13 chás ar an gconclúid nár tharla aon drochriarachán, cé gur braitheadh drochriarachán in aon chás amháin agus go bhfuil dhá chás fós oscailte; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go bhfuil SEGS tiomanta obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón Ombudsman sa dá chás inar eisigh an tOmbudsman moltaí den sórt sin;

45. Á iarraidh ar SEGS faireachán a dhéanamh ar sheasaimh na n-iarfhoirne sinsearacha agus na gceann toscaireachtaí, i bhfianaise an róil pholaitiúil íogair atá acu; á iarraidh ar SEGS athbhreithniú córasach a dhéanamh ar aistrithe a d'fhéadfadh a bheith fadhbach don earnáil phríobháideach nó d'eagraíochtaí tríú tír agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ghairm na n-iaroifigeach sinsearach go dtí deireadh na tréimhse marana éigeantaí, toisc go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa nach dtugtar aghaidh orthu forfheidhmiú ardchaighdeán eiticiúil ar fud riarachán an Aontais a chur i mbaol;

46. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di gur láimhseáladh roinnt cásanna inar dhearbhaigh foireann misean go raibh coinbhleachtaí leasa ann trí na daoine a bhí i gceist a shaoradh ó chúraimí áirithe a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di gur chuir SEGS an tréimhse mharana i bhfeidhm do thriúr oifigeach atá ar scor ó theagmhálacha gairmiúla le hiar-chomhghleacaithe agus nach bhfuair SEGS aon ghearán faoi sháruithe ar an tréimhse mharana sin;

47. Á iarraidh ar SEGS toirmeasc a chur ar gach oifigeach a d'fhág an tseirbhís ó bhrústocaireacht agus abhcóideacht ar feadh ré na tréimhse marana;

48. Ag tathant ar SEGS obair leantach a dhéanamh gan a thuilleadh moille ar an bhfógra a thug sé go ndéanfadh sé a chuid forálacha neamhspleácha cur chun feidhme a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seachtracha, lena gcruthaítear bunús dlí *sui generis* do Chinn na dToscaireachtaí chun íomhá agus clú an Aontais ina n-iomláine a chosaint ar bhealach níos fearr;

49. Ag tabhairt dá haire nach bhfuil ról díreach ag SEGS i reachtaíocht an Aontais, ach mar sin féin go bhfuil ról tábhachtach aige maidir le cinntí a bhaineann le smachtbhannaí agus le caibidlíocht comhaontuithe trádála idirnáisiúnta, a bhfuil tionchar suntasach rialála acu; dá bhrí sin, go bhfeictear di go mbeadh sé thar a bheith ábhartha do SEGS dul isteach i gClár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh ar bhonn comhaontú ar leibhéal na seirbhíse; á iarraidh ar SEGS gach cruinniú le gach cineál eagraíochtaí brústocaireachta a fhoilsiú, lena n-áirítear eagraíochtaí brústocaireachta de chuid Chinn Thoscaireachtaí an Aontais, chun trédhearcacht a fheabhsú;

50. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásamh di nach raibh aon chásanna sceithireachta ann a tuairiscíodh in 2021 agus go gcuireann SEGS treoirlínte an Choimisiúin maidir le sceithireacht i bhfeidhm agus go gcuireann sí ar fáil iad ar inlíon SEGS;

51. Á iarraidh go gcuirfí deireadh le húsáid cuideachtaí seachtracha a leanann, de réir rangú Ollscoil Yale ([1]), de bheith ag feidhmiú sa Rúis;

Digitiú, cibearshlándáil agus cosaint sonraí

52. Ag tabhairt dá haire, i gcomparáid le 2020, gur tháinig laghdú 6,4 % go EUR 22 290 743 ar infheistíocht i dtionscadail agus i dtrealamh TF, agus gur tháinig méadú 24,6 % go EUR 5 778 000 ar infheistíocht don tslándáil;

53. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil SEGS ag leanúint den trealamh teicniúil a uasghrádú agus a athnuachan le linn 2021 trí, mar shampla, bandaleithead líonra a dhúbailt chun eispéiris teilea-oibre a fheabhsú agus níos mó ná 500 saoráid físchomhdhála nua a shuiteáil sa Cheanncheathrú agus i dToscaireachtaí an Aontais; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go ndearna SEGS digitiú iomlán ar a cuid acmhainní daonna, sreafaí oibre riaracháin agus airgeadais, rud a mhéadaíonn éifeachtúlacht eagraíochtúil;

54. Ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ag éirí níos tábhachtaí an chibearshlándáil a chur san áireamh agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil córas Srianta nua de chuid an Aontais dáilte ag SEGS ar fud SEGS chun cumarsáid shlán ar leibhéal aicmiúcháin shrianta an Aontais a áirithiú agus go ndearnadh bearta chun a áirithiú go bhféadfadh Coimisinéirí Eorpacha agus daoine eile glaonna rúnaicmithe a chumasú; á chur in iúl gur geal léi go gcoinníonn SEGS faisnéis ard-rúnaicmithe i gcórais shlána, atá scoite amach go hiomlán ó líonraí eile agus ón idirlíon;

55. Ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil níos mó ná 16 000 cibearfholáireamh cruthaithe in 2021 mar thoradh ar réiteach SEGS maidir le Faireachán ar Theagmhais Slándála agus ar Theagmhais Slándála (SIEM), rud a d'fhág gur sainaithníodh 236 fíor-cibirionsaithe nár éirigh leo go léir i sáruithe sonraí; á iarraidh ar SEGS leanúint de bhéim láidir a chur ar an gcibearshlándáil agus ar bhagairtí hibrideacha, go háirithe iad siúd atá urraithe ag stáit eachtracha, agus oibriú i gcomhar le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus leis na Ballstáit chun bagairtí den sórt sin a shainaithint agus bonneagar an Aontais a chosaint a mhéid is féidir; á chur i bhfios go láidir gur príomhghnéithe de chreat éifeachtach cibearshlándála iad cibearfheasacht agus clár oiliúna córasach don fhoireann uile, lena n-áirítear an fhoireann bhainistíochta;

56. Ag tabhairt dá haire le sásamh go ndearna an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (MECS) trí chigireacht maidir le SEGS in 2021 agus go meastar na cigireachtaí uile a bheith dúnta gan barúlacha breise;

57. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil straitéis óstála glactha ag SEGS, lena n-áirithítear go bhfanfaidh an croí-inneachar gnó ar an áitreabh agus go bhfuil a cuid sonraí ar fhreastalaithe atá faoi úinéireacht agus faoi rialú díreach SEGS; á iarraidh i gcónaí ar SEGS a áirithiú nach ndéanfar sonraí an Aontais a mhéid is féidir, a stóráil ach amháin i saoráidí AE/LEE; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go leanann SEGS dá áirithiú go bhfuil faisnéis agus cumarsáid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta éasca le tuiscint agus i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais;

([1]) https://som.yale.edu/story/2022/over-1000-companies-have-curtailed-operations-russia-some-remain

58. Ag tabhairt dá haire gur geal léi go bhfuil measúnú á dhéanamh ag SEGS ar réitigh foinse oscailte ar bhonn cothrom le réitigh foinse dílseánaigh agus go bhfuil sí ag baint úsáid as sraith táirgí foinse oscailte d'fhorbróirí, ag óstáil réiteach, freastalaithe feidhmchláir, agus ag sainaithint agus ag bainistiú rochtana;

59. Ag tabhairt dá haire le sásamh gur ghlac SEGS beartas óstála agus go gcoinníonn sí stór lárnach de na córais faisnéise agus na seirbhísí teicniúla uile a bhaineann le feidhmchláir agus seirbhísí gnó; ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gcás córais faisnéise atá á n-óstáil ar áitribh, go bhfuil an córas agus a cuid sonraí araon ar fhreastalaithe atá faoi úinéireacht agus á rialú go díreach ag SEGS agus go n-áirithíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí na rialuithe cosanta sonraí atá i bhfeidhm;

Foirgnimh

60. Ag tabhairt dá haire go bhfuil stoc foirgnimh an-mhór agus an-chasta ag SEGS ina bhfuil na foirgnimh ag an gCeanncheathrú sa Bhruiséil, thart ar 180 foirgneamh oifige agus 150 áit chónaithe d'Ambasadóirí an Aontais ar fud an domhain; á aontú gur dócha, sa Bhruiséil agus i bhformhór na dtíortha ar domhan inar féidir leis an Aontas a bheith ag súil go gcoinneofaí ionadaíocht ann, go mbeidh coigilteas ann san fhadtéarma ó bheith ina n-úinéirí ar na foirgnimh seachas iad a fháil ar cíos;

61. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tús curtha ag SEGS le spásanna oifige a chur in oiriúint do bhealaí nua oibre chun timpeallachtaí tarraingteacha oibre a chruthú agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil as a cuid foirgneamh; ag an am céanna á iarraidh go ndéanfaí forbairtí den sórt sin a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an bhfoireann;

62. Á chur in iúl gur geal léi go dtacaíonn SEGS le sprioc na haeráidneodrachta agus go bhfuil SEGS ag tabhairt tosaíochta d'fhoirgnimh a bhfuil deimhniú comhshaoil acu; ag spreagadh do SEGS bearta coigilte fuinnimh a chur chun feidhme sa stoc foirgneamh atá ann cheana; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil suiteáil fhótavoltach 355 m^2 ar a dhíon suiteáilte ag SEGS cheana féin ag Ceanncheathrú an Aontais agus in 18 dtoscaireacht de chuid an Aontais agus ag spreagadh do SEGS a infheistíocht i ngrianphainéil a leathnú ar fud an domhain; á iarraidh ar SEGS anailís costais is tairbhe a dhéanamh go háirithe ar an gcóras atá suiteáilte san fhoirgneamh sa Bhruiséil d'fhonn é sin a roinnt le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais nach bhfuil córais den sórt sin suiteáilte acu go dtí seo;

63. Ag tabhairt dá haire go leanann SEGS dá áirithiú go ndíreofar go mór ar an tslándáil sa Cheanncheathrú agus i dToscaireachtaí agus in Oifigí an Aontais araon; i bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann cheana, á chur in iúl gur geal léi freisin go bhfuil dlús curtha leis an obair chun bagairtí spiaireachta a chosc; ag tacú go hiomlán le SEGS a bhearta sábháilteachta a mhéadú chun an fhoireann agus an bonneagar fisiciúil agus digiteach araon a chosaint ar bhagairtí agus ar ionsaithe;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

64. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS) curtha ar bun ag SEGS lena gcumhdaítear réimsí amhail coigilteas fuinnimh, soghluaisteacht foirne, uasteorainneacha astaíochtaí CO_2 do charranna seirbhíse, teicneolaíocht faisnéise, soláthar glas agus athchúrsáil agus sórtáil dramhaíola etc., a fheabhsófar de réir a chéile;

65. Ag tabhairt dá haire go bhfuil tionscnaimh glactha agus curtha chun feidhme ag SEGS chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe a foirne agus go bhfuil spriocanna leagtha síos aici do 2023 do thart ar 80 % den fhoireann chun modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid; á iarraidh ar SEGS tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach;

66. Á chur in iúl gur geal léi gur chuir SEGS tús in mí an Mhárta 2021 le bailiú sonraí comhshaoil ó Thoscaireachtaí an Aontais a bhaineann le tomhaltas fuinnimh agus uisce, giniúint dramhaíola, comaitéireacht, tairiscintí glasa agus ídiú ábhar amhail páipéar agus breosla etc.; ag spreagadh do SEGS chun leanúint den tionscnamh sin agus é a leathnú chuig na Toscaireachtaí uile agus malartú dea-chleachtas i measc na dToscaireachtaí a éascú;

67. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil SEGS rannpháirteach sa Deasc chabhrach Idirinstitiúideach do Sholáthar Poiblí Glas agus go dtugtar tacaíocht maidir le critéir chomhshaoil do dhoiciméid soláthair do Thoscaireachtaí an Aontais; ag spreagadh go ndéanfaí critéir den sórt sin a chomhroinnt de réir a chéile i measc Thoscaireachtaí uile an Aontais agus á iarraidh ar SEGS tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn sa réimse sin;

Comhar idirinstitiúideach

68. Á chur in iúl gur geal léi gur comhaontaíodh comhaontuithe idir SEGS agus an Coimisiún maidir le doiciméid ar leibhéal srianta a mhalartú agus gur comhaontaíodh Comhaontú Seirbhíse tiomnaithe idir SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle agus an Coimisiún araon maidir le córais gutha agus teachtaireachtaí slána ardaicmithe a chur ar fáil, ar córais iad atá ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil;

69. Á chur in iúl gur geal léi go ndearna SEGS Comhaontú Bunaíochta do Thoscaireacht an Aontais sa Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích agus a shíniú;

70. Á chur in iúl gur geal léi go ndearbhaíonn SEGS go bhfuil dea-chomhar aige le OLAF agus le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, le cruinnithe rialta ar leibhéil éagsúla oibre d'fhonn calaois a chosc, imscrúduithe agus obair leanúnach iniúchóireachta a dhéanamh agus moltaí a chur chun feidhme; ag spreagadh go láidir do SEGS chun an cineál céanna muiníne agus comhair le OIPE a fhorbairt;

Cumarsáid

71. Ag tabhairt dá haire gur mhó ná EUR 26,17 milliún buiséad SEGS do ghníomhaíochtaí cumarsáide straitéisí agus taidhleoireachta poiblí in 2021 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí cumarsáide sa Cheanncheathrú agus i dToscaireachtaí uile an Aontais;

72. Á chur in iúl gur geal léi go dtugtar tosaíochtaí sa chumarsáid do réimsí amhail luachanna agus leasanna an Aontais, freagairt do na géarchéimeanna sláinte idirnáisiúnta agus don ghníomhú ar son na haeráide agus gur dhírigh Toscaireachtaí an Aontais ar laethanta téamacha amhail Lá na hEorpa, Paráidí Pride, Lá na mBan, Seachtain na Taidhleoireachta Aeráide etc.;

73. Ag spreagadh do SEGS chun dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí d'fhonn úsáid a bhaint as an dá ardán meán sóisialta foinse oscailte, EU-Voice agus EU-Video, a seoladh mar threoirthionscadal poiblí chun úsáid líonraí sóisialta foinse oscailte saor in aisce a chur chun cinn;

74. Á thabhairt chun suntais go n-oibríonn SEGS go dlúth le comhpháirtithe na meán neamhspleách agus na sochaí sibhialta i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir chun a n-acmhainneacht a fhorbairt chun cur i gcoinne ionramháil faisnéise eachtrach agus bagairtí trasnaíochta; á chur in iúl gur geal léi go n-oibríonn SEGS i gcomhar leis an Úcráin chun tacú lena hiarrachtaí cumarsáide straitéisí i bhfianaise ionsaí míleata na Rúise gan chúis chun a áirithiú go ndéanfar ionramháil faisnéise na Rúise a nochtadh agus a chomhrac;

75. Á iarraidh ar SEGS Toscaireachtaí an Aontais i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú; á chur i bhfios go láidir gur gá cabhrú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir atá ag fulaingt ó ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin agus beartais an Aontais a chur in iúl dá saoránaigh ar bhealach níos éifeachtaí;

76. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ag SEGS chun an teacht aniar a neartú agus a chothú chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus an chur isteach eachtraigh i ngnóthaí an Aontais, lena n-áirítear trí atheagrú a dhéanamh ar an Rannán um Chumarsáid Straitéiseach in 2021 trí na foirne atá ag díriú ar an tSín a mhéadú, agus 27 Oifigeach Cumarsáide Straitéiseacha a earcú bunaithe i dToscaireachtaí an Aontais agus Ionaid um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise a bhunú ar fud an Aontais chun cur ar chumas SEGS dul i ngleic ar bhealach níos fearr le cúbláil agus cur isteach faisnéise; á chur i bhfáth gurb é SEGS an phríomhinstitiúid de chuid an Aontais atá freagrach as trasnaíocht eachtrach a ghleic;

77. Á iarraidh arís ar SEGS ról Thoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha a neartú chun atreisiú a dhéanamh ar a gcumas feachtais bhréagaisnéise atá ina mbagairt ar luachanna daonlathacha arna n-eagrú ag gníomhaithe eachtracha stáit a bhréagnú; á iarraidh freisin ar SEGS rannpháirtíocht Thoscaireachtaí an Aontais a neartú inár dtíortha comharsanacha agus i dtíortha na mBalcán Thiar chun tacú le beartas cumarsáide níos gníomhaí agus níos éifeachtaí maidir leis an bpeirspictíocht Eorpach agus an cúnamh is fearr is féidir a chur ar fáil do na tíortha atá ag gabháil d'athchóirithe atá ar son an daonlathais agus ar son na hEorpa; á iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais leanúint dá n-iarrachtaí comhordaithe chun infheictheacht na dtionscadal atá cistithe ag an Aontas a mhéadú;

78. Ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, an ráiteas ón Ardionadaí le linn Chomhdháil Bhliantúil Ambasadóirí AE 2022, nuair a dúirt sé go raibh tuarascálacha ó thoscaireachtaí an Aontais ródhéanach agus go raibh sé níos eolaí ó eagraíochtaí meán; á iarraidh ar SEGS tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na heasnaimh a sainaithníodh agus maidir leis na bearta atá le déanamh chun dul i ngleic leis na heasnaimh sin.

79. Ag moladh do thoscaireachtaí an Aontais oibriú i gcomhar leis na gníomhaithe áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta i dtríú tíortha agus iad a chur chun cinn chun an t-idirphlé sóisialta agus idirphlé maidir leis an smacht reachta, na cearta bunúsacha agus an comhrac in aghaidh an éillithe a spreagadh; á iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais dlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid an daonlathais sna tíortha éagsúla agus tacaíocht lóistíochta agus theicneolaíoch a chur ar fáil do chosantóirí chearta an duine agus do chosantóirí na bpobal dúchasach, go háirithe do mhná; á iarraidh ar thoscaireachtaí an Aontais leanúint dá n-iarrachtaí comhordaithe chun tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a dhéanamh níos infheicthe, go háirithe i dtíortha is iarrthóirí.